
SLITE SÁBHÁILTE CHUN NA SCOILE




# SRTS A CHUR IN IÚL DON PHOBAL

Céim 7 den Chlár Slite Sábháilte chun na Scoile (SRTS) - Treoir chomhairliúcháin do scoileanna chun teagmháil a dhéanamh lena bpobal faoi fhorbairtí bonneagair nua SRTS.



Is tionscnamh de chuid na Roinne Iompair é an Clár SRTS agus tacaíonn an Roinn Oideachais leis. Oibríonn Clár na Scoileanna Glasa an clár seo i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus údaráis áitiúla. Oibríonn Oifigeach Bonneagair tiomnaithe SRTS le scoileanna agus le húdaráis áitiúla le linn an phróisis.




Tá go leor bealaí ann inar féidir le scoil tacaíocht a fháil d’fhorbairtí bonneagair bheartaithe a fheabhsaíonn sábháilteacht agus rochtain ar an scoil. Cabhróidh an treoir céim ar chéim seo le scoileanna ar Chlár SRTS agus iad ag tabhairt faoi Chéim 7: ‘Tacaíocht ón bPobal’. Tugtar treoir chun cabhrú le scoileanna cur síos a dhéanamh ar a gcuspóir, a bpáirtithe leasmhara a aithint, agus tuiscint a fháil ar na buntáistí a bhaineann le glacadh a chothú i leith na bhforbairtí scoile atá beartaithe.

## CÉIM 7

**Tacaíocht Pobail:**

"Feidhmeoidh an scoil atá i gceist mar churadh áitiúil do na bearta atá molta chun a chinntiú go bhfaighfear tacaíocht ón bpobal le haghaidh na moltaí."



## CÉIM 7
## Tacaíocht Pobail

**Tá ocht bpríomhchéim i gClár SRTS, ó scaipeadh go seachadadh. Sula ndéanfar na hoibreacha bonneagair, ba cheart don scoil gníomhú chun pobal na scoile a chur ar an eolas agus iad a spreagadh chun a bheith rannpháirteach ann d'fhonn tacaíocht a fháil do na forbairtí atá beartaithe. D'fhorbair SRTS sraith acmhainní agus treoirdhoiciméid chun cabhrú le scoileanna teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara áitiúla agus leis an bpobal i gcoitinne.**

3

RANNPHÁIRTÍOCHT



# CONAS IS FEARR IS FÉIDIR LE SCOILEANNA TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LENA BPOBAL SCOILE?

*- cur chuige céim ar chéim maidir le rannpháirtíocht an phobail -*

1. Tabhair breac-chuntas ar chuspóir an tionscadail in achoimre shoiléir, ag míniú cén fáth a meastar go bhfuil gá leis an athrú.
2. Moltaí SRTS a chur in iúl don phobal i gcoitinne trí chumarsáid scríofa, labhartha agus amhairc.
3. Tabhair breac-chuntas ar gach gné den bhonneagar atá beartaithe agus conas a thacóidh sé le geata scoile níos sábháilte agus le taisteal gníomhach chun na scoile.



# CUSPÓIR NA RANNPHÁIRTÍOCHTA

# CÉ HIAD DO PHÁIRTITHE LEASMHARA?

Is é an chéad chéim eile chun rannpháirtíocht an phobail a spreagadh ná a fhios a bheith agat cé a gcaithfidh tú labhairt leo maidir leis na forbairtí atá beartaithe. Cuideoidh dea-chumarsáid agus rannpháirtíocht mhaith ón tús chun faomhadh a fháil do scéimeanna . Tá sé ríthábhachtach raon éagsúil daoine a chur san áireamh. Ciallaíonn sé sin gur gá díriú ar do lucht tacaíochta agus ar na páirtithe leasmhara a mheasann tú a d'fhéadfadh diúltú don scéim chomh maith. Déan liosta leathan e na daoine ar ghá díriú orthu.

## *Seicliosta samplach*

- ☑ Tuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí scoile
- ☑ An Bord Bainistíochta
- ☑ Cumann na dTuismitheoirí
- ☑ Cónaitheoirí
- ☑ Grúpaí pobail nó clubanna
- ☑ Riachtanais rochtana ar leith - áiteanna adhartha, clubanna spóirt, limistéir áineasa nó ionaid oideachais
- ☑ Gnóthais áitiúla mhóra agus bheaga
- ☑ Seirbhísí sibhialta - leabharlanna, oifigí poiblí, clinicí sláinte

# NA BUNTÁISTÍ DO LEANAÍ A AITHINT



**Tá sé tábhachtach aird a tharraingt ar na buntáistí a bhaineann leis an scéim agus leis an mbonneagar atá beartaithe do phobal na scoile agus do chónaitheoirí áitiúla. Is féidir na buntáistí sin a chur i dtábhacht mar gheataí scoile níos sábháilte, laghdú ar thrácht lasmuigh den scoil, níos lú brú tráchta, níos lú torainn, aer níos glaine agus níos mó deiseanna do dhaltaí siúl, rothaíocht nó scútáil chun na scoile.**

**Ní amháin gur chóir go mbeadh na buntáistí dírithe ar phobal na scoile ach ar an bpobal áitiúil freisin i.e. rachaidh cosán nó raon rothaíochta nua chun leasa gach duine.**

**I ndeireadh na dála is gá a chur in iúl cén fáth go bhfuil an scoil ag glacadh páirte sa chlár; le cur ar chumas daltaí taisteal chun na scoile go sábháilte agus go gníomhach, chun cáilíocht an bhonneagair lasmuigh den scoil agus ar bhealaí chun na scoile a fheabhsú, chomh maith le brú tráchta a laghdú ag geataí na scoile.**

**Tá go leor ábhar inphriontáilte ag SRTS a thaispeánann na buntáistí a bhaineann le taisteal gníomhach agus rochtain shábháilte ar an scoil. Úsáid iad sin chun dul i dteagmháil le pobal do scoile.**

# PLEAN RANN-PHÁIRTÍOCHTA MÍOSA

## *Seicliosta:*

☑ **Plean** – conas pobal na scoile a chur ar an eolas faoi na moltaí

☑ **Teagmháil** – déan teagmháil leo ag an gcéad chéim den tionscadal

☑ **Fráma ama** – socraigh fráma ama oiriúnach chun cumarsáid a dhéanamh

☑ **Cumarsáid a dhéanamh** – is féidir meáin éagsúla a úsáid le cabhrú chun do theachtaireacht a scaipeadh ar fud an phobail go léir. Roghnaigh meán cumarsáide lárnach ina bhfuil an fhaisnéis reatha go léir inrochtana do chách, m.sh. suíomh gréasáin

☑ **Nuashonruithe** – ba cheart faisnéis a ailíniú/nuashonrú ar fud na meán go léir

☑ **Cur chun cinn** – spreag do líonra chun do chuid nuashonruithe a roinnt

☑ **Acmhainní** – soláthraíonn ár bhFoireann Uirlisí Cumarsáide SRTS sraith úsáideach d'ábhair chumarsáide

☑ **Aighneachtaí** – má tá próiseas 'Cuid 8' i gceist leis na moltaí, spreag pobal na scoile chun aighneacht tacaíochta a dhéanamh le linn an nós imeachta comhairliúcháin phoiblí. Féach ar an acmhainn SRTS dar teideal 'Próiseas Chuid 8' le haghaidh tuilleadh eolais.

**Cuimhnigh go dteastaíonn tréimhse chomhairliúcháin coicíse ar a laghad le 'Cuid 8' den iarratas pleanála chun go mbeidh an pobal in ann tuairimí a chur in iúl agus agóidí a dhéanamh i gcoinne an phlean.**

## *Sampla:*

**SEACHTAIN 1**

Roghnaigh dáta le haghaidh cruinniú/ceardlann poiblí, bíodh sé ar scoil nó i bhfoirm fhíorúil - iarr ar bhaill an phobail a gcuid spéise a chlárú chun páirt a ghlacadh ann.

Cnuasaigh na sonraí ó shuirbhé SRTS a bailíodh ó thuismitheoirí na ndaltaí.

**SEACHTAIN 2**

Foilsigh faisnéis faoi mholtaí SRTS agus faoin suirbhé do thuismitheoirí ar shuíomh gréasáin na scoile. Déan an leathanach tuirlingthe seo a roinnt ar mheáin éagsúla, amhail na meáin shóisialta, comharthaíocht, nuachtlitreacha agus cláir fhógraí pobail.

**SEACHTAIN 3**

Déan tionól inmheánach daltaí agus cruinniú poiblí ar leith a óstáil chun an pobal a chur ar an eolas agus chun tacaíocht a fháil don tionscadal.


**SEACHTAIN 4**

Anailís a dhéanamh ar an tacaíocht/imní a bhaineann leis na moltaí. Aitheantas a thabhairt d'ábhair imní a ardaítear agus na faitís sin a ailíniú leis na buntáistí féideartha. Foilsigh céim dheireanach na cumarsáide m.sh. na meáin shóisialta, agallamh raidió, nuachtán áitiúil agus nuachtlitir scoile.

# CRUINNITHE RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL

- Má roghnaíonn tú cruinniú rannpháirtíochta pobail a óstáil, ainmnigh ball foirne scoile nó coiste a ghníomhóidh mar éascaitheoir cruinnithe nó mar urlabhraí do chumarsáid an Chláir SRTS.
- Caithfear an duine sin a chur ar an eolas go hiomlán faoi gach gné den chlár agus an t-eolas is deireanaí a thabhairt dó/di faoi gach forbairt.
- Agus ionadaí/ionadaithe á thoghadh/dtoghadh chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne, déan cinnte go bhfuil an duine/na daoine neamhchlaonta, tarraingteach, socair, cuiditheach agus stuama.





Is féidir leis an éascaitheoir aon toimhdí a chur ina gceart, a chinntiú go n-éistear le gach duine agus tuairimí gach páirtí leasmhar a thabhairt faoi deara le linn cruinnithe.

Bheadh sé ina bhuntáiste éascaitheoir a bheith i láthair a bheadh ábalta gníomhú mar idirghabhálaí neamhchlaonta chun aon chruinniú poiblí a reáchtáil gan stró.

# SONRAÍ – CAD A FUAIREAMAR AMACH?

**8**
**SONRAÍ ÓN SUIRBHÉ**

**Tá sonraí luachmhara bailithe ag SRTS ó thuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil. Foghlaim tuilleadh ón méid atá sna sonraí a bailíodh faoi ghlacadh le forbairtí nua agus tacú leo, lena soláthraítear rochtain shábháilte ar an scoil. Tá ábhair ineagarthóireachta forbartha ag SRTS ar féidir le gach scoil iad a úsáid chun Torthaí a Suirbhé do Thuismitheoirí a chur chun cinn. Úsáid iad sin chun dul i dteagmháil le pobal do scoile agus chun do shonraí a chur chun cinn.**

## DO SONRAÍ A CHUR CHUN CINN

Tá teimpléid chur chun cinn ar fáil mar chuid d'Fhoireann Uirlisí Cumarsáide SRTS. Is féidir iad seo a fhorbairt chun torthaí na sonraí a léiriú agus chun cabhrú le mothú úinéireachta a chothú i leith na moltaí. M.sh. D'fhéadfá a chur chun cinn, "Tacaíonn 98% de thuismitheoirí le hoibreacha os comhair na scoile lena gcuirtear feabhas ar shábháilteacht na ndaltaí, agus tús áite á thabhairt do choisithe agus rothaithe".

## DÉIMEAGRAFAIC ÁITIÚIL

é úsáideach chun taighde a dhéanamh má theastaíonn uait níos mó a thuiscint faoi do cheantar. Tá roinnt téamaí ag an bPríomh-Oifig Staidrimh mar chuid dá sonraí maidir le Staitisticí Daonra na gCeantar Beag. Is féidir faisnéis a fháil sna sonraí oibiachtúla sin faoi iompraíochtaí comaitéireachta áitiúla, úinéireacht cairr, sláinte ghinearálta agus teaghlaigh. Is féidir leis an bhfaisnéis sin cabhrú chun grúpaí a aithint a d'fhéadfadh a bheith faoi ghannionadaíocht agus ar gá breithniú a dhéanamh orthu.

## FIANAISE-BHUNAITHE

Is féidir leat d'fheachtas a neartú le fíricí fianaise-bhunaithe ó na sonraí atá ar fáil maidir le dearcaí agus iompraíochtaí áitiúla i ndáil le taisteal agus soghluaisteacht. D'fhéadfadh fianaise den sórt sin a bheith úsáideach freisin dá mbeadh do scoil ag tabhairt aghaidh ar agóid ó ghrúpaí a d'fhéadfadh ráitis a dhéanamh, gan fhianaise, amhail "níl na hathruithe sin ag teastáil ó aon duine inár sráidbhaile".

## TORTHAÍ NA PRÍOMH-OIFIGE STAIDRIMH

d'fhéadfadh cabhrú chun d'fheachtas a threisiú le fíorshonraí, mar shampla, 'Bhí fad an turais chun na hoibre, chun na scoile nó chun an choláiste níos lú ná 15 nóiméad do dhaoine i gContae Lú in 2016. Bunaithe ar na figiúirí sin, má thugtar níos mó tacaíochtaí do thaisteal gníomhach a éascú creidimid gur féidir le níos mó teaghlach líon níos lú turas a dhéanamh i gcarranna agus turais níos giorra chun na scoile a dhéanamh trí shiúl nó rothaíocht.'

## SMAOINTE

Má theastaíonn tuilleadh tacaíochta uait chun teagmháil níos fearr a dhéanamh le do phobal áitiúil nó le páirtithe leasmhara na scoile, déan teagmháil linn, táimid sásta do chuid smaointe a chloisteáil agus tacú le do chuid riachtanas

**S:** @SRTS_Ire
**W:** www.greenschoolsireland.org/saferoutestoschool/
**E:** srts@eeu.antaisce.org
**T:** +353 1 400 2222
**A:** EEU An Taisce Unit 5a, Swift's Alley, Francis Street, Dublin, D08TN88, Ireland.



SLITE SÁBHÁILTE CHUN NA SCOILE

### Acmhainní Cumarsáide

Tá iliomad acmhainní cumarsáide agus rannpháirtíochta ar fáil mar chuid dár bhFoireann Uirlisí Cumarsáide SRTS. Is féidir leis an Oifigeach Cumarsáide SRTS agus d'Oifigeach Bonneagair tiomnaithe obair le chéile chun pacáiste meán a ullmhú duit le hábhair inphriontáilte agus teimpléid ineagarthóireachta.